Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 23

# An tÚdarás Clárúcháin Maoine

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus chostais an tÚdarás Clárúcháin Maoine.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachais don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.171 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Príomhfheidhmeannach an Údaráis. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúil do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Choiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Éilimh Chúitimh***

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine córas teidil a thugann ráthaíocht Stáit ar shealbhóir an teidil.

Tá an Stát faoi cheangal aon duine a fhulaingíonn caillteanas trí bheith ag brath ar an gclár a shlánú. I ngnáthchúrsa a ghnó, faigheann an tÚdarás éilimh chúitimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teideal 1964. D'fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

Tá achoimre ar na híocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teideal 1964 leagtha amach i Nóta 6.1 a ghabhann leis na cuntais. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí cúitimh agus ní bhfuarthas aon éilimh nua in 2018 a bhain go sonrach le calaois nó brionnú líomhnaithe.

Le cinntiú go maolaítear an baol go ndéanfar tuilleadh éilimh ar chúiteamh, cuireadh creat frithchalaoise i bhfeidhm go hiomlán agus treoraíonn sé cur i bhfeidhm ár straitéise maidir le sláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Údarás
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an tÚdarás go ndírítear aird iomchuí ar an dea-chleachtas um cheannach agus go mbíonn nósanna imeachta ann chun comhlíonadh le gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Comhlíonn an tÚdarás na treoirlínte. Liostaíodh seacht gconradh arbh fhiú €619,808 iad (gan CBL a áireamh mar a éilíonn an ciorclán) i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Déantar iad seo a bhriseadh síos mar seo a leanas:
  (a) bhí triúr chonradh dar luach €319,384 neamhiomaíoch mar gheall nach raibh seirbhísí ar fáil ach ó fhoinse amháin agus
  (b) bhí ceathrar chonradh dar luach €300,424 neamhchomhlíontach mar gheall ar shíneadh na gconarthaí reatha.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear an Phárolla agus Acmhainní Daonna ar fáil ar bhonn comhsheirbhíse ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta freagrach as rialuithe a oibriú laistigh den Ionad Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le feidhmiú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte litir dom a thugann breac-chuntas ar an dul chun cinn i gcur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchóireachta agus táthar ag súil go dtuairiscítear torthaí an iniúchta dom maidir le dearadh, a bheith ann agus feidhmiú na rialuithe dom mar atá leagtha amach sa litir sin.

Braithim freisin ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe leibhéal seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca *seo* a mhaolú.

Tá clár rioscaí I bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireacháin a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus leis an mBord Bainistíochta, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialaithe sin agus tuairisc a thabhairt.

***Athbhreithniú ar eifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an udarái le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Elizabeth Pope**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

19 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú | 29,303 | 28,266 | 27,112 |
| | **Olliomlán** | **29,303** | **28,266** | **27,112** |
| | *Lúide* | | | |
| B | Leithreasaí-i-gcabhair | **569** | **759** | **688** |
| | **Glaniomlán** | **28,734** | **27,507** | **26,424** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid ar bith de na leithreasaí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €56,000 i leithdháileadh gan chaitheamh maidir le heilimintí caipitil ó fhotheideal C.2 ar aghaidh go dtí 2019.

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 1,227,029 | 1,361,298 |
| Géilleadh iarchurtha | (56,000) | — |
| Farasbarr le géilleadh | **1,171,029** | **1,361,298** |

**Elizabeth Pope**

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine
21 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 24,204 | 22,959 |
| Neamhphá | | 4,062 | 4,153 |
| **Ollchaiteachas** | | **28,266** | **27,112** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **759** | **688** |
| **Glaniomlán** | | **27,507** | **26,424** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (902) | | |
| Dímheas | 456 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 16 | | |
| | | (430) | (211) |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 17 | | |
| Laghdú ar stoc | 45 | | |
| | | 62 | 39 |
| **Caiteachas díreach** | | **27,139** | **26,252** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 7,261 | 6,823 |
| Measchíosanna | | 2,451 | 2,861 |
| **Costas chláir ghlan** | | **36,851** | **35,936** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Déantar suas an ghlanchaiteachais do sheirbhísí gaolmhara ó na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 23 a iompraíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 6,256 | 5,946 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 865 | 708 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 51 | 62 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 89 | 107 |
| | **7,261** | **6,823** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 1,789 | 1,357 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 2,521 | 2,751 |
| Stoic | 2.4 | 132 | 177 |
| Réamhíocaíochtaí | | 519 | 504 |
| Ioncam fabhraithe | | 6 | 6 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 154 | 134 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 3,332 | 3,572 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 208 | 174 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 2,587 | 2,844 |
| Maoiniú galn ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 88 | 41 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 2,883 | 3,059 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 449 | 513 |
| **Glansócmhainní** | | **2,238** | **1,870** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,238** | **1,870** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | **Nóta** | | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,870 | 1,698 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 28,734 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (56) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,171) | | |
| Vóta glan | | | 27,507 | 26,424 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 7,261 | 6,823 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 2,451 | 2,861 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (36,851) | (35,936) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,238** | **1,870** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas ag 1 Eanáir 2018 | 35,042 | 3,729 | — | 38,771 |
| Breiseanna | 349 | 7 | 548 | 904 |
| Diúscairtí | (1,537) | (27) | — | (1,564) |
| Costas ag 31 Nollaig 2018 | 33,854 | 3,709 | 548 | 38,111 |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 33,854 | 3,560 | — | 37,414 |
| Dímheas don bhliain | 421 | 35 | — | 456 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,522) | (26) | — | (1,548) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 32,753 | 3,569 | — | 36,322 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **1,101** | **140** | **548** | **1,789** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 1,188 | 169 | — | 1,357 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG | 665 | 638 |
| Cuntais bhainc thráchtála eile | 1,856 | 2,113 |
| | **2,521** | **2,751** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 82 | 125 |
| Soláthairtí Ilghnéitheacha | 10 | 10 |
| Ábhar inchaiteTF | 40 | 42 |
| | **132** | **177** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí tógála athchúpála | 35 | 42 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 119 | 92 |
| | **154** | **134** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 316 | 324 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 174 | 163 |
| Cáin Bhreisluacha | 29 | — |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | 1,856 | 2,113 |
| | 2,375 | 2,600 |
| Déaduchuithe párolla ar fionraí | 187 | 219 |
| Dlite don OOP | 25 | 25 |
| | **2,587** | **2,844** |

## 2.7 Maoiniú dlite don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,171 | 1,361 |
| Géilleadh iarchurtha | 56 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,139) | (1,320) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **88** | **41** |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,521 | 2,751 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 154 | 134 |
| | 2,675 | 2,885 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,375) | (2,600) |
| Iarmhéideanna creidmheasa ar fionraí | (212) | (244) |
| | (2,587) | (2,844) |
| | **88** | **41** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 283 | 49 |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 5 | 4 |
| | 5 | 4 |

## 2.10 Dliteanais teagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'féadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha neamhchinnte. Áirítear leis seo na cásanna cúitimh faoi Alt 120 mar a thuairiscítear i nóta 6.1 thíos agus dá dtagraítear san ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,589 | 24,204 | 22,959 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 74 | 93 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theaghmhasacha | 1,500 | 1,119 | 1,012 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 635 | 673 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 1,817 | 1,867 | 1,941 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 462 | 341 | 432 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus polasaithe | 25 | 26 | 2 |
| | | **29,303** | **28,266** | **27,112** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá clár amháin ag an Vóta maidir le bainistiú Chlárlann na Talún agus Clár na nGníomhas. Baineann an caiteachas uile faoin gclár seo le riarachán i nádúr. Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theaghmhasacha*

Soláthar mheastacháin €1.5 milliún, toradh: €1.119 milliún

Baineann an gannchaiteachas leis an líon beag Éileamh Cúitimh faoi Alt 120 a íocadh in 2018. Tá sé deacair tráthúlacht agus toradh na n-éileamh sin a chinneadh.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €462,000, toradh: €341,000

Ní dhearnadh aon tionscadal suntasach cothabhála oifige in 2018 as ar eascair caiteachas áitreabh oifige laghdaithe.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse phoiblí | 569 | 759 | 688 |
| | **Iomlán** | **569** | **759** | **688** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €190,000 níos mó ná an meastachán.

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

*1 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse phoiblí*

Soláthair mheastacháin: €569,000, toradh: €759,000

Rinneadh an leibhéal foriomlán d'fháltais a mheas faoina luach trí earráid.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanair | 2,113 | 1,599 |
| Táillí Chlárlann na Talun | 65,374 | 60,828 |
| Taillí Chlárlann na nGníomhas | 1,464 | 1,371 |
| Taillí bhunchíosanna | 78 | 71 |
| Íoctha leis an Státchiste | (67,173) | (61,756) |
| **Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig** | **1,856** | **2,113** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 509 | 500 |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 22,483 | 21,218 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 30 | 18 |
| Liúntais eile | 67 | 72 |
| Ragobair | 101 | 256 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,523 | 1,395 |
| **Pá Iomlán** | **24,204** | **22,959** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 10 | — | 7,194 | 3,020 |
| Liúntais eile | 25 | — | 7,838 | 7,700 |
| Ragobair | 60 | — | 8,415 | 12,232 |
| Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 13 | 4 | 12,725 | 12,993 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €241,157 i leith 98 cás (2017: €236,057, 134 cás). De seo, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag €110,377 maidir le 40 cás (2017: €107,784, 59 cás).

Aistríodh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith trí chás arbh fhiú €9,764 iad chuig ranna eile sa bhliain.

# Nóta 6 Ilgnéitheacha

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Tá gach teideal atá cláraithe ar an gClár Talún ráthaithe ag an Stát. Foráiltear in Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964 go n-íocfar cúitimh (agus pé chostais cuí) i leith caillteanais a tharlaíonn d'aon duine trí bheith ag brath ar an gClár agus nach é nó a ghniomhaire is cúis leis an gcaillteanas, nó nár cuidigh go substaintiúil leis an gcaillteanas trí gníomh, faillí nó mainneachtain. Iocadh a haon déag íocaíocht cúitimh faoi Alt 120 i 2018 (2017: 14), agus leagtar amach na costais iomlána seo thíos.

Déantar na costais dlí a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas -

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásan na | Costais dlí íoctha ag an tÚdarás | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964 | 11 | — | — | 11 | 11 | 79 |

## 6.2 Cónascadh

Mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, rinneadh an Rialtas cinneadh ar 31 Deireadh Fómhair 2012 chun an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chónascadh. Mar thoradh air sin, cruthófar eagraíocht nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear córas clárúcháin réadmhaoine an Stáit, bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit, seirbhís luachála réadmhaoine an Stáit agus forbairt agus cothabháil faisnéise geospásúil an Stáit.

Is gá le reachtaíocht phríomha chun an t-aonán nua a bhunú. Tá dréachtú an Bhille um Thailte Éireann chun soláthar a dhéanamh don chónascadh fós ag dul ar aghaidh.

Aistríodh an fhreagracht as Tailte Éireann a bhunú go dtí an Roinn Pleanála Tithíochta agus Rialtais Áitiúil ó 1 Eanáir 2018. Aistríodh freagracht as an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine chuig an Roinn sin ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i 2018.